

DHÁ BHEATHA, GRÁ AMHÁIN



**Aighneacht do Thionól na
Saoránach ag Comhdháil Easpag
Caitliceach na hÉireann**



IRISH CATHOLIC
BISHOPS' CONFERENCE
COMHDHÁIL EASPAG CAITLICEACH ÉIREANN

Réamhrá

Tar éis comhairle cúramach a dhéanamh le daoine dílis tuata, idir mná agus fir, bheartaigh Comhdháil Easpag Caitliceach na hÉireann freagra a thabhairt ar chuireadh Thionóil na Saoránach agus an aighneacht seo a leanas ar ábhar Airteagal 40.3.3 de *Bhunreacht na hÉireann* a dhéanamh.

Tá an Eaglais Chaitliceach tar éis críoch a chur le Bliain Iubhaile na Trócaire. Ceiliúradh an tionscnamh seo ón bPápa Proinsias ag an Eaglais uilíoch agus d'iarr sé orainn a bheith oscailte araon do thrócaire Dé inár saol agus a bheith trócaireach do dhaoine eile, go háirithe dóibh siúd atá leochaileach. Cé go gceiliúrann an *Bunreacht* comhionannas na máthar agus an leanbh sa bhroinn san Ochtú Leasú, tá sé de oibleagáid orainn a bheith atruach agus trócaireach, nuair atá tacaíocht á lorg ag fear agus bean le haghaidh clainne agus ón leanbh sa bhroinn le linn toirchis géarchéime. Tá níos mó i gceist sa tacaíocht seo ná focail amháin. Ní mór acmhainní poiblí a chur ar fáil go praiticiúil agus ar bhealach cruthaitheach. Is ar mhaithe gach glúin, tacaíocht a thabhairt do chultúr na beatha, agus déanann sé sinn a shainmhíniú mar shochaí.

Déanaimid ár n-aighneacht le súil gur féidir linn a bheith cabhrach do Thionól na Saoránach ina thasc, machnamh a dhéanamh ar an gceart chun na beatha. Creidimid gur sácráilte é saol an duine ó ghiniúint go bás nádúrtha agus go léiríonn Airteagal 40.3.3 an chothromaíocht chuí maidir leis na cearta sin. Aithnímid an fhreagracht mhór atá curtha ar gach comhalta den tionól agus guímid beannacht agus treoir Dé oraibh, agus ar an obair atá idir lámha agaibh.

Áitíonn roinnt daoine gur ábhar de rogha pearsanta ar thaobh na máthar é, ceart an leanbh sa bhroinn don bheatha. Áitíonn daoine eile, cé go bhfuil siad i gcoinne ginmhilleadh mar phrionsabal ginearálta, go bhfuil roinnt páistí ann nach mbíonn an ceart chun na beatha acu, toisc go bhfuil riocht sláinte tromchúiseach acu nó toisc gur gineadh iad mar thoradh ar éigniú. Is mian linn ár seasamh a chur in iúl go daingean, seasamh atá bunaithe ar an réasún agus ar an gcreideamh, gur luachmhar é saol agus beatha gach duine. Glacaimid, ar ndóigh, go

mbaineann an bás le saol an duine daonna. Ach diúltaímid an moladh gur féidir le duine ar bith cinneadh a dhéanamh maidir le huair a bháis do dhuine eile.

An Ceart chun na Beatha mar Ceart Pearsanta Bunúsach

Tá an ceannteideal ‘Cearta Pearsanta’ ag Airteagal 40 den *Bhunreacht* agus tá sé suite in roinn dar teideal ‘Cearta Bunúsacha’. Ar an mbealach seo, i bhfad roimh an *Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine* a d’fhógair na Náisiúin Aontaithe, d’aithin muintir na hÉireann an nádúr bunúsach a bhain le cearta ar nós an ceart chun na beatha, an ceart chun saoirse, an ceart chun an phríobháideachais sa bhaile agus an ceart chun saoirse cainte.

Tá cearta bunúsacha an duine difriúil ó chearta sibhialta. Cé go dtugtar cearta sibhialta le dlí do shaoránaigh i sochaí ar leith, baineann cearta bunúsacha an duine le gach duine toisc gur duine atá ann/inti. Ní ón sochaí a thagann cearta bunúsacha an duine agus ní féidir leis an sochaí iad a thógáil ar shiúl ach an oiread. Tá cearta bunúsacha ‘admhaithe’ in mbunreachtanna agus i gcairteacha agus tá siad ‘cosanta’ i gcur i bhfeidhm an dlí. Tagraíonn na Náisiúin Aontaithe dóibh mar ‘cearta comhionanna dosháraithe atá ag gach duine sa teaghlach daonna’.¹

Léann Airteagal 40.3.3, dá ngairtear an t-Ochtú Leasú uaireanta air:

Admhaíonn an Stát ceart na mbeo gan breith chun a mbeatha agus, ag féachaint go cuí do chomhcheart na máthar chun a beatha, ráthaíonn sé gan cur isteach lena dhlíthe ar an gceart sin agus ráthaíonn fós an ceart sin a chosaint is a shuíomh lena dhlíthe sa mhéid gur féidir é.²

Dá scríosfaí nó dá ndéanfaí Airteagal 40.3.3 a leasú ní bheadh i gceist ach tarraingt siar ar cheart chun na beatha ó roinnt catagóirí de leanaí sa bhroinn. Dá ndéanfaí é sin, bheadh athrú tagtha ar bhonn an

¹ Na Náisiúin Aontaithe, Brollach, *Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine*, Páras, 1948.

² *Bunreacht na hÉireann*, Airteagal 40.3.3.

phrionsabail, do gach leanbh sa bhroinn agus go deimhin dúinn ar fad, gur ceart daonna bunúsach é an ceart don bheatha.

Le linn na díospóireachta atá ann faoi láthair, tá sé argónta ag roinnt daoine gur ceart daonna atá sa ghinmhilleadh. Dar linn tá an dearcadh seo ar neamhréir leis an tuiscint lárnach atá ann de chearta an duine. Ba mhaith linn a thabhairt chun chuimhne go n-éilíonn an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine go ‘gcosnófaí le dlí ceart gach duine chun na beatha’.³ Sainmhíníonn *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh* leanbh mar ‘gach duine faoi bhun ocht mbliana déag d’aois mura rud é, faoin dlí is infheidhme maidir leis an leanbh, go dtagann sé/sí i lán-aois níos luaithe’. Ní dhéantar aon idirdhealú idir leanaí a rugadh agus leanaí atá fós sa bhroinn.⁴

Tugaimid cuireadh do Chomhaltaí an Tionóil roinnt gnéithe de Airteagal 40.3.3 a scrúdú toisc go gcreidimid gur suntasach iad:

- a. San Airteagal sin, ní ghéilleann an Stát ceart na beatha don leanbh gan bhreith, ach admhaíonn an Stát go bhfuil an ceart sin ann mar cheart bunúsach, agus go mbaineann sé leis an leanbh sa bhroinn toisc gur duine é/í. Comhalta aonair den teaghlach daonna atá sa duine, agus is amhlaidh a dhéanann an Réamhrá don *Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine* tuairisc don duine.
- b. Déanann Airteagal 40.3.3 cur síos ar an cheart chun na beatha atá ag an leanbh sa bhroinn mar ‘chomhcheart’ do cheart chun na beatha atá ag an mháthair. Ní chuireann sé an ceart chun na beatha atá ag an leanbh sa bhroinn os cionn ceart na máthar.
- c. Ní thugann Airteagal 40.3.3 ráthaíocht, i ngach uile chás, a bheith in ann ceart beatha an linbh sa bhroinn a chosaint, faoi nach féidir leis, i gcás na daoine a rugadh agus atá ina gcónaí inár mbailte agus inár sráidbhailte, a gcearta a chosaint agus iad

³ *Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine*, An Róimh, 1950, Airteagal 2.

⁴ *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh*, Nua Eabhrac, 1989, Airteagal 1; Féach freisin ailt 2 agus 6.

sa bhroinn. Ach tugann an Stát ráthaíocht, áfach, ómós do cheart chun beatha an linbh sa bhroinn a chur isteach ina dhlíthe, díreach mar a dhéanann sé i gcás daoine eile.

Ceart uathúil atá i gceart na beatha, ar ndóigh, mar ina éagmais, ní féidir le haon cheart sibhialta nó ceart nádúrtha eile a fheidhmiú, anois ná amach anseo.

Linbh sa Bhroinn mar Dhaoine

Ba mhaith linn a iarraidh oraibh agus sibh ag plé, go mbeadh sibh treoraithe ag an réaltacht a tharlaíonn i saol gach duine daonna, idir giniúint agus breith. Níl aon nóiméad chomh suntasach ann, ó thaobh na forbartha leis, agus am an toirchithe, ó thaobh tús an phearsanta a shainmhíniú. Níl aon bhunús loighciúil nó eolaíochta ann chun breithniú, ar thaobh amháin, ar leanbh a rugadh a bheith ina dhuine leis na cearta atá i gceist anseo agus, ar an láimh eile, ar leanbh sa bhroinn a bheith ina neamh-dhuine. Tá féiniúlacht ar leith gach duine i láthair cheana féin chomh luath agus a tharlaíonn toirchiú. Níl fágtha ach an bpróiseas ina thagann fás agus forbairt ar dhuine ar thuras an tsaoil.

Níl aon choimhlint ann dúinn, mar Chríostaithe, idir creideamh agus réasún. Díreach mar a chuireann an reasún ar ár gcumas leanúnachas saol an duine a aithint, ón toirchiú go dtí an bás nádúrtha, mar sin ligeann an creideamh dúinn a aithint go bhfuil bunús gach duine ar fáil in intinn Dé agus sa bheatha shíoraí. Tá an creideamh seo curtha in iúl ar bhealaí éagsúla sa Bhíobla, agus scríofa go hálainn ag an bPápa Proinsias sa bhfoilseachán 2016, *Lúcháir an Ghrá*. Deir sé:

Tosaíonn bronntanas leanbh nua, a chuirtear ag an Tiarna faoi chúram a athair agus a mháthair, tosaíonn sé le glacadh leis an leanbh agus leanann sé le cosaint a thabhairt don leanbh ar feadh an tsaoil agus atá mar sprioc deiridh aige ná lúcháir na beatha síoraí ... Mar sin is mór an luach a bhaineann le saol an duine, agus is doshannta an ceart chun beatha atá ag an leanbh neamhchiontach ag fás i mbroinn na máthar, nach féidir le ceart líomhnaithe atá ag an mháthair dá corp féin cead a thabhairt deireadh a

chur le saol, atá ann leis féin agus nach ceart a bheith áirithe mar ‘maoin’ duine eile.⁵

Cumhacht na Teanga

Is mian linn tagairt go hachomair le húsáid na teanga agus tagairt á dhéanamh do leanaí sa bhroinn. Tá bríonna teicniúla sonracha ag baint le focail cosúil le ‘féatas’ agus ‘suth’ agus ‘siogót’. Cuirimid ceist ar an bhfáth, i ndioscúrsa poiblí, go ndéantar tagairt do leanaí slántiúla sa bhroinn mar ‘an leanbh’ ach, i dtuairim roinnt, na leanaí nach bhfuil foirfe glaotar ‘féatas’ nó an ‘suth’ orthu. Cuireann sé imní orainn go bhfuil teanga á úsáid le heaspa pearsantaithe a bheith leagtha ar chatagóirí áirithe leanaí sa bhroinn ar bhealach a iarrann ginmhilleadh a normalú.

Éifeachtaí Dearfacha a bhaineann le hAirteagal 40.3.3: Cultúr na Beatha

Tá na mílte de mhuintir na hÉireann beo sa lá atá inniu ann mar thoradh díreach ar achtú an t-Ochtú Leasú. Is fíor é seo i bpáirt mar gheall ar an sos dosheachanta a bhíonn ann idir smaoineamh faoin ghinmhilleadh agus beart a dhéanamh faoi. Cheadaigh an sos sin, go minic le tacaíocht ó bhaill teaghlaigh, ó chomhpháirtithe nó ó ghníomhaireachtaí cúram toirchis cosúil le Cura, roghanna níos cuiditheacha a dhéanamh.

Seachas líon na ndaoine a sábháladh mar thoradh ar Airteagal 40.3.3, tugadh tacaíocht do thuismitheoirí a bhí ag déileáil le toircheas géarchéime, cinneadh a dhéanamh i bhfabhar na beatha agus gan cinneadh a dhéanamh a d’fhéadfadh aiféala a chur orthu ina dhiaidh. Ní raibh an tacaíocht chultúrtha seo ar fáil amháin toisc go ndearna sochaí na hÉireann ráiteas prionsabail poiblí maidir leis an gceart chun na beatha, ach freisin mar gheall ar struchtúr na sochaí, lena n-áirítear áiseanna cúraim sláinte, nár úsáideadh, mar a dhéantar i go leor tíortha, le toircheas géarchéime a éascú.

An sprioc is fearr atá ag cúram máthar na ráta mortlaíochta máthar de nialas a bheith ann. Faraor, tá sé seo dodhéanta go praiticiúil toisc go bhfuil roinnt

⁵ Pápa Proinsias, *Amoris Laetitia*, An Róimh, Libreria Editrice Vaticana, 2016, paragraif 166 agus 83.

coinníollacha leighis ann, a bhaineann le toircheas, nach féidir a réamh-mheas go héasca do mhná aonair. De réir na figiúirí is déanaí, a d'fhoilsigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte i 2015, is é an ráta mortlaíochta máthar in Éirinn ná 8 in aghaidh 100,000 breith.⁶ Cuireann sé seo Éire san aicme is ísle, nó is fearr, (rang 26 as 190 tír, agus go seasta chun tosaigh ar na Stáit Aontaithe agus ar an Ríocht Aontaithe, áit a bhfuil ginmhilleadh ar fáil go héasca).

Cad is Ginmhilleadh ann agus Cad is nach Ginmhilleadh ann: Teagasc na hEaglaise Caitlicí

Roinnt daoine atá i bhfabhar Airteagal 40.3.3 den *Bhunreacht* a scríosadh nó a athrú, is soiléir gur mian leo ginmhilleadh ar éileamh a bheith ar fáil in Éirinn. Tá daoine eile ann a deir go bhfuil siad i gcoinne ginmhilleadh i gcoitinne, ach go mbeadh sé ceadaithe i gcúinsí deacra áirithe.

Ní chuirimid leis an dearcadh sin, mar creidimid go bhfuil ag gach leanbh sa bhroinn, is cuma a riocht sláinte nó tosaí a breithe, comhionannas os comhair an dlí.

Táimid buartha go bhfuil claonadh ann roinnt ghnéithe de theagasc na hEaglaise Caitlicí ar an gceart chun na beatha, a chur i láthair go míchruinn:

- Níor mhúin an Eaglais Chaitliceach riamh gur chóir beatha an linbh sa bhroinn a chur roimh beatha na máthar. Toisc an daonnacht coitianta atá acu beirt, tá ceart comhionann chun na beatha ag an mbeirt acu.
- Sa chás go bhfuil an gá ann, maidir le bean atá go dona tinn agus í ag iompar clainne, cóireáil liachta a bheith aici, cóireáil a d'fhéadfadh, mar éifeacht

⁶ Féach <http://data.unicef.org/topic/maternal-health/maternalmortality/>. Tá an ráta mortlaíochta máthar sainmhínithe ar líon na mbásanna baineann per 100,000 breith bheo ó aon chúis a bhaineann le nó arna ghéarú toirchis nó a lucht bainistíochta (gan thaisme nó cúiseanna teagmhasacha). Áirítear ar an MMR básanna le linn toirchis, luí seoil, nó laistigh dhá lá is daichead de fhoirceannadh toirchis, beag beann ar ré agus suíomh den toirchis.

thánaisteach, saol an linbh a chur i mbaol, tá cóireálacha den sórt sin ceadaithe go heiticiúil i gcónaí, fad is a dhéantar gach iarracht beatha na máthar agus beatha an linbh araon a shábháil. Mar codarsnacht ar sin, séard atá sa ghinmhilleadh ná scrios díreach agus scrios d’aon ghnó a dhéanamh ar an leanbh sa bhroinn agus is gníomh mímhóralta tromchúiseach é sin i ngach uile chás. Ní cóir leighis atá i gceist in aon chor.

- Faraor, nuair a fhaigheann leanbh bás go nádúrtha sa bhroinn roimh bhreith, níl aon cheist ann go leanfadh an mháthair leis an toircheas. Sa chás sin níl ach aon ‘othar’ ann anois – an mháthair. Is í an mháthair an t-aon fócas atá ann maidir le haon chúram leighis atá ag teastáil. Mar aon leis an athair, tá an mháthair i dteideal an cúram tréadach is fearr gur féidir linn a thairiscint agus iad ag dul i ngleic le caillteanas a linbh.
- I gcomhthéacs teoranta na díospóireachta maidir leis an t-Ochtú Leasú, tá sé tábhachtach dul i ngleic le cásanna deacra, mar shampla maidir le leanaí a bhfuil coinníollacha a chiorraíonn a saol acu agus leanaí a bhí ginte de bharr éigniú, níl cúis ann sna casanna seo an dlí bunúsach a athrú:

- a. Páistí a bhfuil riochtaí acu a chiorraíonn saol an duine

Is mór an anacair é do mháthair a fháil amach go bhfuil an leanbh ina broinn go dona tinn agus go bhfuil an chosúlacht ann go bhfuil bás in ann don leanbh. Tagann deireadh le pé aisling a bhí ag an mháthair. Bíonn brón uirthi don pháiste nach mbeidh go deo aici. Bíonn sé deacair uirthi an caillteanas a roinnt le daoine eile. Ní lúide é brón an athar ach an oiread. Labhraítear go minic faoi pháistí a bhfuil coinníollacha a chiorraíonn a saol acu, amhail is dá mba ‘chomh maith le bheith marbh’ atá siad. Le húsáid a bhaint as focail cosúil le ‘marfach’ chun cur síos ar na coinníollacha seo tugtar le fios go bhfuil an bás in ann go luath agus go bhfuil sé dosheachanta. Ach is í fírinne an scéil í ná gur difriúil gach cás agus, cé go mbeidh an bás in ann do roinnt leanaí roimh bhreith, agus cé nach mairfidh roinnt acu ach ar feadh cúpla uair an chloig, mairfidh leanaí eile ar feadh i bhfad.⁷

Bhuaileamar le go leor tuismitheoirí a bhfuil leanaí acu a rugadh le coinníollacha a chiorraíonn saol an duine. D’inis siad dúinn faoin tacaíocht is gá a bheith acu chun déileáil leis seo. Chuir siad béim ar an tábhacht a bhaineann cuimhne a dhéanamh ar an méid a rinne siad dá bpáiste tinn. Labhair siad faoin chabhair a fuair siad deis a bheith acu aire a thabhairt dá leanbh ar feadh cúpla uair an chloig nó fiú ar feadh cúpla nóiméad, go dtí gur tharla bás go nádúrtha. D’inis daoine eile dúinn faoin áthas a bhí orthu a fháil amach tar éis breithe, cé go raibh saincheisteanna sláinte tromchúiseacha ag an leanbh acu, go raibh an prognóis i bhfad níos fearr ná mar a bhí le tuiscint acu ó thús. Tugaimid spreagadh leat éisteacht lena gcuid scéalta féin ar na láithreáin ghréasáin www.onedaymore.ie agus www.everylifecounts.ie.

Fiú ag cur na cásanna is measa i gceist, tá scéal an linbh sa bhroinn le coinníoll a chiorraíonn saol duine, inchomparáide le saol leanbh a rugadh nó le duine fásta a bhfuil tinneas foirceanta acu. Is é ceann de na dúshláin ar leith atá ag tuismitheoirí leanaí sa bhroinn a bhfuil riochtaí a chiorraíonn saol duine acu ná an easpa tacaíochta comhordaithe atá ar fáil dóibh. Creidimid gur gá níos mó a dhéanamh chun seirbhísí ospíse cuí imbhreithe a chur ar fáil, seirbhísí a thugann faoiseamh, armacas, cothú agus hiodráitiú agus, sa tslí sin, tugann tacaíocht do thuismitheoirí aire a sholáthar dá leanaí breoite go dtí bás nádúrtha. Seo, ba chóir a bheith mar fhócas bheartas an Rialtais in áit aisghairm Airteagal 40.3.3.

b. Leanaí a ghinneadh mar thoradh ar éigniú

Gníomh foréigin agus coir atá san éigniú. Cúram atruach agus tacaíocht a bhíonn ag teastáil ó bhean éignithe. Faoi imthosca den sórt sin is deacair a shamhlú an strus fhisiceach, mhothúchánach atá in ann don mháthair le haghaidh clainne. Tá dualgas morálta ag an sochaí tacaíocht a thabhairt di, agus é sin a dhéanamh le móthrúa.

Duine atá sa leanbh a ghinneadh mar thoradh ar éigniú. Tá cearta aige/aici – cearta, lena n-áirítear an

⁷ Féach Caroline Simons, ““Incompatible with Life”: Does Article 40.3.3 Permit Abortion for “Fatal Foetal Abnormality”?” i *Medico-Legal Journal of Ireland*, 2015, 1, 2–3.

ceart is bunúsaí ar fad, an ceart chun na beatha.
Caithfidh an sochaí tacaíocht a leathnú don leanbh sa bhroinn chomh maith.

An freagra a thugann roinnt daoine ar thoirchis ghéarchéime ná ginmhilleadh a mholadh mar réiteach. Deirtear gur réiteach atruach atá sa mhéid seo, ach páistí neamhchiontacha atá i gceist agus tá siad i dteideal an tacaíocht is fearr agus cúram is fearr gur féidir linn a thabhairt dóibh.



Mná, Fir, agus Leanaí sa Bhroinn

An gaol atá ann idir máthair agus a leanbh sa bhroinn, ní amháin gur gaol fisiceach agus bitheolaíoch atá ann, ach is gaol mothúcháanach agus fiú amháin gaol spioradálta é freisin. Téann dochar a dhéanamh do leanbh in aghaidh an stuif don mháthair. Tá a fhios againn go bhfuil go leor fachtóirí ann a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an gcinneadh chun ginmhilleadh a iarraidh agus, i gcuid mhaith cásanna, gur cinneadh pianmhar atá ann. Is minic is féidir leis an chréacht mhothúcháanach agus spioradálta go leor ama a ghlacadh le leigheas a fháil.

Tá claonadh ann, ar cúis aiféala é, ginmhilleadh a chomhlachú go heisiach le mná a raibh ginmhilleadh acu. Is é teagasc soiléir na hEaglaise go bhfuil iad siúd a chuireann ginmhilleadh chun cinn, iad siúd a eagraíonn agus a chuireann ginmhilleadh i gcrích díreach chomh freagrach agus, i gcásanna áirithe, níos freagraí astu. Is

minic a dhéantar an gníomh millteach i gcoinne an leanbh sa bhroinn níos measa de bharr an teip a dhéanann daoine nó institiúidí, tacaíocht a thabhairt don mháthair féidearthachtaí eile a aithint agus a roghnú.

Tuigimid go bhfuil roinnt daoine ann, lena n-áirítear fir ina measc, a cheapann nach bhfuil aon ranníocaíocht le déanamh acu leis an díospóireacht seo. Tá a fhios againn freisin gur pléadh an cheist seo cheana féin ag an dTionól. Le hurraim chuí agus le hógaitheacht chuig ról uathúil na máthar, a bhíonn i mbun an leanbh sa bhroinn, ba mhaith linn a rá go soiléir gur tuismitheoirí iad aithreacha chomh maith, leis an fhreagracht go léir a thagann leis seo. Ar an gcaoi céanna, nuair atá an ceart chun na beatha i gceist, tá freagracht ann, nach féidir a shéanadh, ag fir agus mná, leanaí sa bhroinn, nach bhfuil aon ghuth eile acu, a chosaint.

Scríobh an Pápa Proinsias an méid seo le déanaí, agus tá sé ag dul le ráitis a rinne an Pápa Naomh Eoin Pól II:

Is mian liom a athshonrú chomh daingean agus is féidir liom gur peaca marfach atá sa ghinmhilleadh, os rud é go gcuireann sé deireadh le saol neamhchiontach. Ar an mbealach céanna, áfach, is féidir liom, agus ní mór dom a rá nach bhfuil aon pheaca ann nach féidir le trócaire Dé a bhaint amach agus a mhaitheamh nuair a thagann sé ar chroí aithríoch atá ag iarraidh réiteach leis an Athair.⁸

Mar Eaglais, le breis agus dhá scór bliain, trí sheirbhís chomhairleoireachta ghairmiúla Cura (www.cura.ie), bhíomar ag tacú le máithreacha agus le haithreacha le haghaidh clainne, agus iad ag dul i ngleic le toircheas géarchéime. Ba mhaith linn go mbeadh Eaglais agus sochaí againn, a dhiúltaíonn an ginmhilleadh, agus a chabhraíonn le mná a raibh ginmhilleadh acu, le cluas na héisteachta agus le croí na tuisceana. Ach go háirithe, creidimid go dtugtar seirbhís don leas coiteann nuair a dhiúltaíonn an Eaglais agus an sochaí shibhialta an ginmhilleadh, agus nuair a thugann siad roghanna agus tacaíocht atá fíor do mhná.

⁸ Pápa Proinsias, *Micericordia et Misera*, an Róimh, Libreria Editrice Vaticana, 2016, paragraf 12. Féach freisin Pápa Eoin Pól II, *Evangelium Vitae*, an Róimh, Libreria Editrice Vaticana, 1995, paragraf 99.

Conclúid

Agus sinn ag maireachtáil i gcultúr a chuireann béim ard ar chearta an duine aonair, nach aisteach é go bhfuil an ceart pearsanta is bunúsaí ar fad, an ceart chun na beatha, á cheistiú agus á dhiúltú. B'fhéidir gurb í an fhadhb atá ann ná, le linn brú an-mhór a bheith á chur ar chearta an duine aonair, is é an toradh a bhíonn ann ná gné eile den indibhidiúlachas ina bhfuil gach ceart, fiú amháin an ceart is bunúsaí ar fad, a bheith ina cheart coibhneasta. Mar a dúirt an Pápa Naomh Eoin Pól II, in imthosca den sórt sin 'ní "ceart" a bhíonn ann a thuilleadh, toisc nach mbíonn sé bunaithe a thuilleadh ar dhínit dosháraithe an duine'.⁹ An chonclúid loighciúil a leanann a léithéid ná go mbaintear an bonn iomlán de chearta an duine agus go mbraitheann aon chearta a fhanann ar toil an tromlaigh.

Tá fíis ar leith ag Airteagal 40.3.3 de *Bhunreacht na hÉireann*, fíis atá bunaithe ar an meas atá ann do cheart gach duine chun na beatha. Creidimid nach mbeadh aon éifeacht eile ann, dá ndéanfaí an t-airteagal seo a scriosadh nó a leasú, ná go gcuirfear leanaí sa bhroinn faoi riosca níos mó agus nach mbeadh aon tairbhe ann do shláinte nó do bheatha mná in Éirinn. Iarraimid go humhal oraibh, mar sin, mar chomhaltaí Tionóil na Saoránach, a mholadh don Rialtas nach cóir Airteagal 40.3.3 a athrú sa *Bhunreacht*.

Go raibh maith agaibh as ár moladh a chur faoi chaibidil.

9ú Nollaig, 2016

Tá na hidéanna tábhachtacha ón mholadh
seo ar fáil ar
www.catholicbishops.ie

⁹ Pápa Eoin Pól II, *Evangelium Vitae*, an Róimh, Libreria Editrice Vaticana, 1995, paragraf 20.